CUIR AITHNE AR VICTORIA SA ROINN OIDEACHAIS

poistphoiblí
publicjobs

Cad í an Earnáil Phoiblí? Cuir Aithne ar Victoria sa Roi Oideachais

Grúpa Daltaí: Daltaí san Idirbhliain/sa Chúigiú Bliain/daltaí ATF/daltaí GCAT

Eolas a clúdaíodh go dtí seo:

- Beidh tuiscint ag daltaí ar ghairmeacha agus ar phoist éagsúla.
- Beidh tuiscint ag daltaí ar na hearnálacha ginearálta.
- Beidh a fhios ag daltaí conas taighde iontaofa a dhéanamh.
- Beidh tuiscint ag daltaí ar na naisc idir réimsí spéise agus róil.
- Beidh a fhios ag daltaí conas post san earnáil phoiblí a aithint agus cuardach gairme á dhéanamh acu ar CareersPortal.ie.
- Beidh tuiscint ag daltaí ar an 'dréimire gairme' agus ar an gcaoi a mbaineann sé leis an earnáil phoiblí (atá cosúil leis an gcaoi a mbaineann sé leis an earnáil phoiblí).
- Beidh a fhios ag daltaí go mbaineann róil áirithe leis an earnáil phoiblí amháin, agus go mbaineann róil eile leis an dá earnáil.

Físeán don Chás-Staidéar

- Victoria
- www.publicjobs.ie/ga/scoileanna/acmhainni-muinteoiri

Acmhainní:

- Ríomhaire
- Teilgeoir
- Suíomh gréasáin PublicJobs.ie
- Nasc chuig Struchtúr na nGrád
- Grafaic Faisnéise PublicJobs.ie
- PowerPoint: Conair Ghairme Victoria
- Bileog Oibre do Dhaltaí
- Clár Bán

Cuspóirí Foghlama:

- An t-eolas a fuair na daltaí sna ceachtanna roimhe seo a chur le chéile trí úsáid a bhaint as sampla ón bhfíorshaol.
- Nasc a dhéanamh idir earnálacha gairme, réimsí spéise, cáilíochtaí, an 'dréimire gairme', foghlaim ar feadh an tsaoil srl. agus fíorfhostaí i bpost poiblí.
- Cur le foghlaim na ndaltaí trí úsáid a bhaint as físeán, ina ndéantar plé ar aistear an fhíorfhostaí chun béim a leagan ar phointí eolais ar leith agus plé a spreagadh.

Céimeanna an Cheachta:

1. Pléigh comhthéacs ginearálta na hEarnála Poiblí leis na daltaí agus mínigh dóibh go gcuirfear béim ar bhall eile den earnáil sa cheacht.
2. Léigh an bhileog oibre leis na daltaí.
3. Féachfaidh na daltaí ar fhíseán faoi scéal Victoria ar osteilgeoir.
4. Is féidir leat an físeán a stopadh chun ceisteanna a chur ar na daltaí/chun díriú ar an mbileog oibre nó is féidir leat ligean don ghrúpa féachaint ar an bhfíseán iomlán ar dtús agus é a stopadh ansin chun pointí eolais a phlé.
5. Déanfaidh na daltaí bileog oibre bunaithe ar an bhfíseán. Is féidir leo an bhileog oibre a dhéanamh ina n-aonar nó i ngrúpaí. Is féidir leat an bhileog oibre a phriontáil nó é a thaispeáint dóibh ar an osteilgeoir.
6. Dírigh ansin ar na sleamhnáin a bhaineann le struchtúr na ngrád/leis an 'dréimire gairme' agus bain usáid as scéal Victoria chun plé a spreagadh.
7. Taispeáin an sleamhnán ar a bhfuil eolas faoi ghrád Victoria agus faoi na critéir iontrála do na daltaí. Déan plé ar na féidearthachtaí atá ann maidir le dul chun cinn a dhéanamh agus maidir le do ghairm a éagsúlú. Iarr ar na daltaí Gníomhaíocht 2 a dhéanamh.
8. Tá an chéad dhá shleamhnán eile ann chun tacú leat aiseolas a thabhairt agus plé níos doimhne ar an leibhéal ag a bhfuil Victoria ag obair a speagadh.
9. Cuir críoch leis an gceacht trí úsáid a bhaint as na ceisteanna machnaimh/plé ar an sleamhnán deireanach.

Deis Bhreise:

Is féidir leat féachaint ar chonair ghairme Victoria ar https://www.publicjobs.ie/ga/scoileanna.

Tá roinnt mhaith ról eile ann chomh maith agus is féidir leat iad a phlé leis na daltaí.

poistphoiblí publicjobs